AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017

An tEolas is Deireanaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Socruithe Tacaíochta - Feabhra 2018

Beidh ar eolas ag scoileanna gur forbraíodh agus gur foilsíodh "Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017" nua - tagraíonn Ciorclán 0081/2017 ón ROS.

Tá a thuilleadh sonraí maidir le cuspóir, struchtúr agus ábhar na nósanna imeachta nua ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

1. An t-Eolas is Deireanaí ar Thacaíocht do Scoileanna

1.1 Cláir ríomh-Fhoghlama

1.1.1 Mar chéim tosaigh, is féidir le scoileanna teacht a fháil ar an gclár ríomh-fhoghlama uilíoch a d'fhorbair Túsla. Tá sé ar fáil do scoileanna i láthair na huaire ag www.pdst.ie/childprotection (fad 1.5 uair an chloig).

1.1.2 Cuirfear dhá chlár ríomh-fhoghlama breise ar fáil do scoileanna ar an **26 Feabhra 2018 nó roimhe sin**. An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí a rinne na cláir seo agus tá an méid seo a leanas iontu:-

a) Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 - Clár ríomh-Fhoghlama don bPearsanra Scoile ar fad (fad 1.5 uair an chloig)

Sa seimineár gréasáin seo don bpearsanra scoile ar fad féachfar ar:

- *Reachtaíocht*
- *Ról Daoine Sainordaithe*
- *Ról an Teagmhálaí Ainmnithe*
- *Tuairisciú agus taifeadadh, agus*
- *Déileáil le nochtadh.*

agus

b) Measúnú Riosca agus Ráiteas ar Chumhdach Leanaí a Fhorbairt (fad 1 uair an chloig).

Sa seimineár gréasáin seo dírítear go sainráite ar Thacú le Teagmhálaithe Ainmnithe agus le Leas-Theagmhálaithe Ainmnithe d'fhonn Measúnú Riosca agus Ráiteas ar Chumhdach Leanaí a fhorbairt faoin 11 Márta 2018, agus ar úsáid a bhaint as na teimpléid atá curtha ar fáil ag an ROS chuige seo.

1.2 Seimineáir Duine le Duine (lá amháin)

1.2.1 Tosóidh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ar sheimineáir lae amháin a chur ar siúl do gach scoil ar fud na tíre ó lár mhí Mhárta 2018 ar aghaidh. Gheobhaidh tú fógra ón Ionad Oideachais áitiúil maidir leis na dátaí is féidir a roghnú.

1.2.2 Is do Theagmhálaithe Ainmnithe agus do Leas-Theagmhálaithe ainmnithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá na seimineáir seo. Beidh siad ar siúl ó lár mhí Mhárta go deireadh na scoilbhliana 2017/18. Díreofar dátaí seimineáir breise ó Mheán Fómhair go Nollaig 2018 ar bhunscoileanna amháin.

1.2.3 Beidh na seimineáir dírithe ar ról agus freagrachtaí an Teagmhálaí Ainmnithe lena n-áirítear teagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha, tacú le baill foirne, tuairisciú do Túsla, cumarsáid le tuismitheoirí agus leis an mBord Bainistíochta, cur i bhfeidhm curaclaim agus socruithe maoirseachta.

1.2.4 Cuirfear cumhdach ionadaíochta ar fáil dóibh siúd a fhreastalóidh ar sheimineáir más gá.

2. Ceisteanna

2.1 Ba chóir ceisteanna ar bith maidir leis na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017' a ardú ar an gcéad dul-síos le Teagmhálaí Ainmnithe nó le bord bainistíochta na scoile, mar is cuí.

2.2 Ba chóir ceisteanna ginearálta maidir leis na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017' a sheoladh chuig an Roinn trí ríomhphost ag:

schoolgovernance@education.gov.ie

2.3 Ba chóir ceisteanna ginearálta maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar chosaint leanaí a sheoladh chuig an Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne ag:

TES@education.gov.ie

2.4 Tá mionsonraí faoin réimse tacaíochtaí le haghaidh Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar chosaint leanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ag www.pdst.ie/childprotection

Eddie Ward
Príomhoifigeach
Rannóg um Oideachas Múinteoirí
Feabhra 2018